



PREASEISIÚINT Uimh. 103/26

Lucsamburg, 14 Iúil 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-474/24 | NADA Austria agus páirtithe eile

D'fhéadfadh sé go mbeadh foilsíú ainmneacha lúthchleasaithe gairmiúla a sháraigh rialacha frithdhópála ar líne i gcomhréir le dlí an Aontais

Mar sin féin, ní mór a bheith in ann cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna atá i gceist sula bhfoilsítear iad

Sonraíonn an Chúirt go bhféadfaidh na Ballstáit, i bprionsabal, foráil a dhéanamh maidir le hainmneacha lúthchleasaithe gairmiúla a sháraigh na rialacha frithdhópála, fad an toirmisc a forchuireadh orthu agus na cúiseanna leis an toirmeasc sin a fhoilsíú ar an idirlíon. Mar sin féin, ní mór do reachtaíocht den sórt sin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, go háirithe, ní mór don eintiteas atá freagrach as foilsíú a bheith in ann cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna atá i gceist sula bhfoilsítear iad. Thairis sin, ní mór don fhoilseachán prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, go háirithe maidir lena fhad. Ina theannta sin, ní mór do lúthchleasaí lena mbaineann a bheith in ann gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil um chosaint sonraí mar bheart coisctheach i gcás ina bhfuil tásca nithiúla ann go bhfuil foilseachán a bhaineann leis nó léi ar tí tarlú nó go ndéanfar é go luath amach anseo.

Chuir Coiste Dlí Frithdhópála na hOstaire (ÖADR) agus Coimisiún Eadrána Neamhspleách na hOstaire (USK) 1 cosc ar cheathrar lúthchleasaithe páirt a ghlacadh i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar feadh tréimhse shocraithe ama nó ar feadh an tsaoil, mar gheall ar sháruithe ar rialacha frithdhópála.

De bhun reachtaíocht na hOstaire, foilsítear bearta fionraí den chineál sin 2 ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Frithdhópála na hOstaire (NADA Austria). Beidh le feiceáil san fhoilseachán sin ainm agus sloinne an lúthchleasaí lena mbaineann, an spórt a chleachtann sé, an sárú arna dhéanamh ar na rialacha frithdhópála, an pionós arna fhorchur chomh maith lena thús agus a dheireadh. Foilsíonn ÖADR na sonraí sin freisin, chomh maith leis an tsubstaint faoi thoirmeasc atá faoi cheist, ar a shuíomh idirlín féin.

Tá an ceathrar lúthchleasaithe 3 ag tabhairt caingean os comhair Chúirt Chónaidhme Riaracháin na hOstaire toisc go bhfuil a n-ainmneacha agus na spóirt lena mbaineann foilsithe ar na suíomhanna gréasáin atá i gceist. Measann siad, *inter alia*, go dtagann an fhaisnéis a fhoilsítear faoin gcoincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte', a bhfuil toirmeasc i bprionsabal ar a bpróiseáil, agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta, nach féidir, i bprionsabal, iad a phróiseáil ach amháin faoi rialú údaráis oifigiúil. Ina theannta sin, áitíonn siad go bhfuil an córas foilsithe neamhdhifreáilte dá bhforáiltear san Ostair ar neamhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 4. Chuir an Chúirt Chónaidhme Riaracháin an t-ábhar 5 faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Freagraíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, **nach dtagann an fhaisnéis a fhoilsítear, i bprionsabal, faoin gcoincheap 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte', seachas i gcás ina dtagraíonn faisnéis den sórt sin d'ainm nó do chatagóir na substainte nó an mhodha thoiriscithe lena mbaineann an sárú sin agus ina léiríonn an tagairt sin, in éineacht le faisnéis eile** a bhaineann leis an duine sin, fiú go hindíreach, trí phróiseas intleachtúil chun iad a cheangal le chéile nó tátal a bhaint astu, **faisnéis maidir le stádas sláinte coirp nó meabhrach an duine sin san am a chuaigh thart, san am i láthair nó sa todhchaí.**

Ina dhiaidh sin, freagraíonn an Chúirt nach ionann sonraí pearsanta a bhaineann le cionta dá bhforáiltear le reachtaíocht

náisiúnta frithdhópála agus le pionóis arna bhforchur i leith cionta den sórt sin agus **sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuíthe coiriúla agus cionta.** Ní bhaineann na cionta agus pionóis ach le grúpa sonrach daoine, eadhon lúthchleasaithe, amhail pionóis araíonachta, agus é mar chuspóir leo a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhaltaí an ghrúpa sin rialacha iompair a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa sin.

Ar deireadh, freagraíonn an Chúirt **nach gcuirtear cosc le RGCS 6, mar phrionsabal, ainmneacha lúthchleasaithe gairmiúla a sháraigh na rialacha frithdhópála a fhoilsiú ar an idirlíon, fad an toirmisc a forchuireadh orthu agus na cúiseanna leis an toirmeasc sin.**

Maidir leis **an dópáil a chomhrac**, arb é is aidhm di iompar cothrom, ionraic agus oibiachtúil na hiomaíochta spóirt a chosaint, comhdheiseanna a áirithiú do lúthchleasaithe, a sláinte a chosaint agus luachanna eiticíúla sa spórt a chaomhnú, **saothraítear cuspóir leas an phobail léi.**

Is iomchuí sárúithe ar na rialacha frithdhópála a fhoilsiú chun rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach, trí rannchuidiú le **dópáil a dhíspreagadh agus a chosc, chomh maith le héifeachtacht na bpionós.**

Thairis sin, is cosúil nach dtéann foilsiú thar aicme theoranta daoine thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach agus, go háirithe, chun daoine áirithe - eadhon, baineann an pionós go hindíreach leo agus déanann sé difear dá leasanna - a chur ar an eolas, amhail fostóirí agus urraitheoirí, iarbhir nó féideartha, an lúthchleasaí ghairmiúil atá faoi smachtbhannaí.

Mar sin féin, ní mór don eintiteas atá freagrach as foilsiú a bheith in ann, **roimh an bhfoilsiú, cothromú aonair a dhéanamh idir na leasanna lena mbaineann** chun a áirithiú go ndéanfar an foilsiú sin ar bhealach atá comhsheasmhach le RGCS agus go háirithe le prionsabal na comhréireachta 7.

Thairis sin, ní mór do lúthchleasaí lena mbaineann a bheith in ann **gearán** a thaisceadh leis an údarás inniúil um chosaint sonraí mar bheart **coisctheach** i gcás ina bhfuil tásca nithiúla ann go bhfuil foilseachán a bhaineann leis nó léi ar tí tarlú nó go ndéanfar é go luath amach anseo.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



1 Tá USK inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ÖADR.

2 Tá eisceachtaí ann maidir le lúthchleasaithe amaitéaraigh, daoine fíorleochaileacha agus ‘daoine a thugann fógra rabhaidh’.

3 Tar éis a n-iarratais chuig NADA Austria agus ÖADR, chomh maith lena ngearáin ina dhiaidh sin chuig údarás um chosaint sonraí na hOstaire, nár éirigh leo. Dhiúltaigh an tÚdarás sin do ghearáin triúr as ceathrar lúthchleasaithe toisc iad a bheith gan bhunús. Dhiúltaigh sé do ghearán an cheathrú lúthchleasaí toisc nach raibh *locus standi* aici, ar an bhforas nach raibh a sonraí tar éis a bheith foilsithe go fóill.

4 [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

5 Tar éis don Chúirt Bhreithiúnais iarraidh ar réamhrialú arna déanamh ag USK a dhíbhe toisc go raibh sí do-ghlactha (féach breithiúnas an 7 Bealtaine 2024, *NADA agus páirtithe eile*, [C-115/22](#), agus preaseisiúint [Uimh. 80/24](#)).

6 Tá RGCS infheidhme maidir leis an bhfoilsíú atá i gceist. (54) Go háirithe, ní thagann an fhoilsíú atá i gceist faoin eisceacht a bhaineann le cosaint na slándála náisiúnta.

7 Tugann an Chúirt faoi deara, *inter alia*, go bhforchuirtear freagracht speisialta ar lúthchleasaí ardleibhéal a bhfuil clú ar leith air nó uirthi. Os a choinne sin, ní bheadh foilsíú na faisnéise atá i gceist faoi ainmneacha ar an idirlíon ar feadh tréimhse níos faide ná tréimhse chur i bhfeidhm na bpionós lena mbaineann, i bhfianaise thromchúis an chur isteach a bhaineann le foilsíú den sórt sin ar na cearta bunúsacha go nurramófaí an saol príobháideach agus go gcosnófaí sonraí pearsanta, comhréireach.